Cor Poist ón nGaelAonad Iar-bhunscoile d'Aibreán 2025

A Chomh-mhúinteoir, a chara,

Beannachtaí an Earraigh oraibh uile. Tá na laethanta ag dul chun síneadh, agus an Cháisc nach mór buailte linn. Seo chugaibh cor poist na míosa seo ón nGaelAonad Iar-bhunscoile. Is mí ghnóthach é mí Aibreáin i scoileanna, agus guímid gach rath orthu siúd a bheidh ag tabhairt faoi na Béaltrialacha níos déanaí sa mhí.

Ó Fhoireann Iar-bhunscoile an GhaelAonaid

Acmhainní chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge ar fáil ar shuíomh Oide.ie

Tá neart acmhainní le roinnt againn libh chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge atá ar fáil ar shuíomh Oide.ie faoi láthair. Tá na sleamhnáin ón dá chur i láthair a rinneadh ar Ábhar Dualgais don Ardteistiméireacht, *Bláthú Teanga 1 & 2* ar fáil ag an nasc seo, chomh maith le go leor acmhainní úsáideacha eile. Tá fáil ar na sleamhnáin agus na hacmhainní ó na laethanta EFG a bhí ar siúl i mbliana do scoileanna T1 anseo agus T2 anseo, agus tá gach cor poist ó thús na scoilbhliana seo le fáil anseo. Tá teacht ar an suíomh anseo.



Spléachadh ar acmhainn atá ar fáil ar an suíomh Oide.ie chun tacú le múineadh na Gaeilge

Tá acmhainn ar fáil ar shuíomh Oide atá thar a bheith úsáideach chun scileanna éisteachta na scoláirí a fhorbairt. Tá gluais ann do Cheisteanna Coitianta, chomh maith le hEocharfhocail Shamplacha a chabhródh go mór le scoláirí na scileanna éisteachta a chomhtháthú san fhoghlaim. Tá an acmhainn seo le fáil ag an nasc seo.

Tacaíocht don Idirbhliain ó Oide

Tá tacaíocht á cur ar fáil d'Iar-bhunscoileanna T1 atá ag tabhairt faoi Ráiteas an Chláir Idirbhliana a leabú ina scoil. Tá an tseirbhís seo á cur ar fáil trí mheán na Gaeilge in Ionad Oideachais i láthair na huaire chun freastal ar scoileanna T1.

Tá eolas le fáil anseo ar shuíomh Oide maidir leis an obair atá ar siúl, agus na hacmhainní luachmhara atá á gcur ar fáil ag an CNCM chun tacú linn inár dtriail.

Beidh **EFG 1 do Mhúinteoirí na hIdirbhliana trí mheán na Gaeilge** (bunaithe ar chúrsaí pleanála) ar siúl ar líne **Dé Luain 28 Aibreán 2025 idir 16:30 - 17:30.**

Beidh **EFG 2 do Mhúinteoirí na hIdirbhliana trí mheán na Gaeilge** (bunaithe ar an bpunann san Idirbhliain) ar siúl ar líne **Dé Máirt 20 Bealtaine 2025 idir 16:30 - 17:30.**

Tá **Seisiún Comhoibríoch do Chomhordaitheoirí na hIdirbhliana trí mheán na Gaeilge** ar siúl ar líne **Déardaoin, 8 Bealtaine 2025 idir 16:30 - 17:30.**

Is féidir clárú do na hEFGanna anseo.

Togra FCÁT Oide

D'éirigh thar barr le tionscadal FCÁT Iar-bhunscoile i mbliana agus grúpa scoileanna ó cheann ceann na tíre ag glacadh páirte. Na hábhair a bhí i gceist ná Corpoideachas, Tíreolaíocht, Matamaitic, OSPS, OSSP agus Oideachas Reiligiúin le scoláirí sa chéad bhliain agus na múinteoirí agus scoláirí araon ag díriú ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim trí mheán na Gaeilge.

Go seachtainiúil, cuireadh tacaíocht ar fáil do na scoileanna a bhí rannpháirteach le linn an tionscadail. Thug sé seo deis do na múinteoirí níos mó a fhoghlaim faoi chur chuige FCÁT agus iad ag roinnt straitéisí éifeachtacha chomh maith le saineolas a fhorbairt ar an gcur chuige seo.

Beidh sonraí maidir le tionscadal FCÁT na Roinne Oideachais don bhliain seo chugainn á bhfógairt go luath. Ba bhreá linn dá mbeifeá linn.

Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí - Nóta faisnéise do scoileanna

Is é seo an deichiú heagrán i sraith nótaí faisnéise de chuid na Roinne Oideachais ar athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Cuireann na nótaí seo nuashonruithe ar fáil do phobail scoileanna ar fheidhmiú céimneach an chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Tá an nóta seo eisithe ag an Roinn chuig gach iar-bhunscoil agus iarrtar é a scaipeadh ar scoláirí, tuismitheoirí agus baill foirne i ngach scoil. Tá an nóta is déanaí le fáil anseo.

Dáta don Dialann - Tionól Teagaisc 2025



Tá áthas ar Fhoireann na hIar-bhunscoile a fhógairt go mbeidh Tionól Teagaisc 2025/2026 ar siúl **Dé Sathairn, 8 Samhain, 2025 in Óstán Killeshin i bPort Laoise.** Beidh tuilleadh eolais le teacht.

Cúinne na Léitheoireachta ‘Cóirín na dTonn’

Is dráma corraitheach é ‘Cóirín na dTonn’ le Celia de Fréine atá mar rogha ar Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh, 2027. Tá Ciorclán 0070/2024 ina bhfuil tuilleadh eolais faoin Ábhar Dualgais le fáil anseo.



Is bean í Cóirín atá ag streachailt leis an saol. Tá dualgais mhóra teaghlaigh uirthi, bíonn sí ag argóint lena deirfiúr, agus tá comharsa léi dúnta i ngrá léi cé nach bhfuil aon suim ag Cóirín ann. Buaileann sí le Ré, agus faoi dheireadh tá sí sásta. Níl in aon rud ach seal áfach, agus cuirtear go leor ceisteanna faoin saol agus an tsaoirse, an grá, an teaghlach, agus an eotanáis sa dráma dea-scríofa seo.

Úsáidtear teicníc shuimiúil den smaointeoireacht inmheánach le linn an dráma. Bhuaigh an saothar seo Duais an Oireachtais in 2003.

Scrúdaitheoirí CSS

Tá an Earcaíocht do Scrúdaitheoirí Scríofa 2025 ar oscailt anois. Tá an fhoirm iarratais le fáil anseo.

Folúntais leis an CNOS (NCSE)

ncse
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

Tá folúntais ann faoi láthair leis an CNOS do réimse poist. Tá tuilleadh eolais ar an bpróiseas earcaíochta le fáil anseo.

Ádh mór ar scoláirí na hArdteistiméireachta!

Go n-éirí go geal le scoláirí Gaeilge na tíre a bheidh ag tabhairt faoi na Béaltrialacha i gceann cúpla seachtain.

Má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie

Is muidne le meas,
Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, Oide.

Is leor ó mhór a dícheall.